


Gníomhaíochtaí an Aontais maidir le praghsanna arda fuinnimh agus slándáil an tsoláthair



DEIREADH
FÓMHAIR 2022

Tá an Coimisiún ag dul i ngleic leis an ardú ar phraghsanna fuinnimh le bliain anuas. Tá staid an mhargaidh fuinnimh tar éis dul in olcas go mór ó **ionradh na Rúise ar an Úcráin** agus ó thosaigh an Rúis ag úsáid a hacmhainní fuinnimh mar uirlis troda chun dúmhál a dhéanamh ar an Eoraip. Lean an Rúis de thionchar a imirt ar sholáthairtí gáis, trí dheireadh a chur le seachadtaí chuig an Eoraip ar chúiseanna nach bhfuil údar leo, agus d'éirigh na margaí níos doichte agus níos neirbhísí.

In ainneoin an laghdaithe shuntasaigh ar sholáthairtí fuinnimh na Rúise – **ó 45% dár n-iompórtálacha gáis anuraidh go dtí 14% i mí Mheán Fómhair 2022** – d'éirigh leis an Eoraip soláthairtí malartacha fuinnimh a aimsiú agus laghdaigh sí a héileamh chun an t-easnamh a chúiteamh. Tá bearta beartais glactha againn freisin chun teorainn a chur le luaineacht fhoriomlán an mhargaidh agus chun ioncam iomarcach na hearnála fuinnimh a atreorú chuig saoránaigh agus chuig gnólachtaí.



Thosaíomar trí ***Bhosca Uirlisí um Praghsanna Fuinnimh*** a chur i láthair i mí Dheireadh Fómhair 2021, rud a d'úsáid na Ballstáit chun go leor beart a chur i bhfeidhm ar an leibhéal náisiúnta chun brú praghsanna ar shaoránaigh agus ar earnáil na tionsclaíochta a mhaolú.

Tar éis ionradh na Rúise ar an Úcráin, leathnaigh an Coimisiún an Bosca Uirlisí um Praghsanna Fuinnimh in Earrach 2022 le ***Teachtaireacht maidir le hidirghabhálacha gearrthéarmacha sna margai agus maidir le feabhsuithe fadtéarmacha ar dhearadh an mhargaidh leictreachais***.

I mí na Bealtaine ghlacamar ***Plan REPowerEU*** chun deireadh a chur lenár spleáchas ar bhreoslaí iontaise ón Rúis a luaithe is féidir trí fhuinneamh a choigilt, fuinneamh glan a tháirgeadh agus ár soláthairtí fuinnimh a éagsúlú.



Chun slándáil an tsoláthair a chinntiú le haghaidh na ngeimhrí atá le teacht, mhol an Coimisiún ***oibleagáidí nua íosta stórála gáis*** i mí an Mhárta agus ***sprioc chun an t-éileamh ar ghás a laghdú 15%*** i mí Iúil chun an chothromaíocht a éascú idir soláthar agus éileamh san Eoraip. Ghlac na Ballstáit na tograí sin go pras roimh an samhradh agus tá dul chun cinn maith déanta go dtí seo sna hiarrachtaí chun fuinneamh a choigilt agus stóráil a líonadh. ***A bhuí leis an stóráil gáis sin san Aontas, tá níos mó ná 90% ann anois.***

Tháinig méadú breise ar phraghsanna le linn an tsamhraidh, ina bhfacthas dálaí adhaimsire ***arb é an t-athrú aeráide is cúis leo***. Bhí tionchar ag triomaigh agus teas foircneach go háirithe ar an leictreachas arna ghiniúint ag hidreachumhacht agus fuinneamh núicléach, rud a laghdaíonn an soláthar a thuilleadh. Dá bhrí sin, i mí Mheán Fómhair mhol an Coimisiún ***bearta breise***, ar ar tháinig na Ballstáit ar chomhaontú, chun ***an t-éileamh ar leictreachas a laghdú*** agus chun ***brabúis gan choinne ón earnáil fuinnimh a ghabháil*** chun níos mó ioncaim a dháileadh ar shaoránaigh agus ar thionscal.



An 18 Deireadh Fómhair, mhol an Coimisiún leanúint den obair trí ***cheannach comhpháirteach gáis***, trí ***shásraí chun praghsanna a theorannú***, agus trí bhearta nua maidir le ***húsáid thrédhearcach bonneagair, dlúthpháirtíocht*** idir na Ballstáit agus ***bainistiú éilimh***. Cuirfidh sé sin tuilleadh cobhsaíochta ar fáil don mhargadh.

